

Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola 2011

An Tuarascáil Bhliain 2011



Environmental Protection Agency

The Environmental Protection Agency (EPA) is a statutory body responsible for protecting the environment in Ireland. We regulate and police activities that might otherwise cause pollution. We ensure there is solid information on environmental trends so that necessary actions are taken. Our priorities are protecting the Irish environment and ensuring that development is sustainable.

The EPA is an independent public body established in July 1993 under the Environmental Protection Agency Act, 1992. Its sponsor in Government is the Department of the Environment, Community and Local Government.

OUR RESPONSIBILITIES

LICENSING

We license the following to ensure that their emissions do not endanger human health or harm the environment:

- waste facilities (e.g., landfills, incinerators, waste transfer stations);
- large scale industrial activities (e.g., pharmaceutical manufacturing, cement manufacturing, power plants);
- intensive agriculture;
- the contained use and controlled release of Genetically Modified Organisms (GMOs);
- large petrol storage facilities;
- waste water discharges;
- dumping at sea.

NATIONAL ENVIRONMENTAL ENFORCEMENT

- Conducting over 1200 audits and inspections of EPA licensed facilities every year.
- Overseeing local authorities' environmental protection responsibilities in the areas of - air, noise, waste, waste-water and water quality.
- Working with local authorities and the Gardaí to stamp out illegal waste activity by co-ordinating a national enforcement network, targeting offenders, conducting investigations and overseeing remediation.
- Prosecuting those who flout environmental law and damage the environment as a result of their actions.

MONITORING, ANALYSING AND REPORTING ON THE ENVIRONMENT

- Monitoring air quality and the quality of rivers, lakes, tidal waters and ground waters; measuring water levels and river flows.
- Independent reporting to inform decision making by national and local government.

REGULATING IRELAND'S GREENHOUSE GAS EMISSIONS

- Quantifying Ireland's emissions of greenhouse gases in the context of our Kyoto commitments
- Implementing the Emissions Trading Directive, involving over 100 companies who are major generators of carbon dioxide in Ireland.

ENVIRONMENTAL RESEARCH AND DEVELOPMENT

- Co-ordinating research on environmental issues (including air and water quality, climate change, biodiversity, environmental technologies).

STRATEGIC ENVIRONMENTAL ASSESSMENT

- Assessing the impact of plans and programmes on the Irish environment (such as waste management and development plans).

ENVIRONMENTAL PLANNING, EDUCATION AND GUIDANCE

- Providing guidance to the public and to industry on various environmental topics (including licence applications, waste prevention and environmental regulations).
- Generating greater environmental awareness (through environmental television programmes and primary and secondary schools' resource packs).

PROACTIVE WASTE MANAGEMENT

- Promoting waste prevention and minimisation projects through the co-ordination of the National Waste Prevention Programme, including input into the implementation of Producer Responsibility Initiatives.
- Enforcing Regulations such as Waste Electrical and Electronic Equipment (WEEE) and Restriction of Hazardous Substances (RoHS) and substances that deplete the ozone layer.
- Developing a National Hazardous Waste Management Plan to prevent and manage hazardous waste.

MANAGEMENT AND STRUCTURE OF THE EPA

The organisation is managed by a full time Board, consisting of a Director General and four Directors.

The work of the EPA is carried out across four offices:

- Office of Climate, Licensing and Resource Use
- Office of Environmental Enforcement
- Office of Environmental Assessment
- Office of Communications and Corporate Services

The EPA is assisted by an Advisory Committee of twelve members who meet several times a year to discuss issues of concern and offer advice to the Board.



Tuarascáil Náisiúnta ar an Dramhaíl le haghaidh 2011

ENVIRONMENTAL PROTECTION AGENCY

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
Bosca Poist 3000, Caisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman, Éire

Teileafón: +353 53 916 0600 Facs: +353 53 916 0699
Ríomhphost: info@epa.ie Láithreán Gréasáin: www.epa.ie

Íosghlao 1890 33 55 99

Is ceadmhach an foilseachán iomlán seo, nó cuid de a atáirgeadh gan tuilleadh ceada, fad is go n-admhaítear an fhoinse.

Tuarascáil Náisiúnta ar an Dramhaíl le haghaidh 2011

Arna foilsiú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Éire

Ní airbheartaíonn an doiciméad seo gur míniú dlíthiúil é ar an reachtaíocht a ndéantar tagairt di ann agus níor chóir a cheapadh gurb amhlaidh atá.

Cé go ndearnadh gach iarracht cruinneas an ábhair atá san fhoilseachán seo a chinntiú, ní féidir cruinneas iomlán a ráthú. Ní ghlacann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ná an t-údar freagracht ar bith as cailíteanas nó as damáiste ar bith a tharla, nó a mhaítear a tharla, mar thoradh, i bpáirt, nó go hiomlán, ar ghníomh a rinne duine ar bith, nó a d'fhág duine ar bith gan déanamh de dheasca ábhar an fhoilseacháin seo. Is ceadmhach an foilseachán iomlán seo, nó cuid de a atáirgeadh gan tuilleadh ceada, fad is go n-admhaítear an fhoinse.

Údair:

An tUas. Fiona McCoolle (EPA), An Dr. Isabelle Kurz (EPA), An tUas. Michael McDonagh (EPA),
An tUas. Daniel O'Neill (RPS) agus an Dr. Jonathan Derham (EPA).

1 PRÍOMHCHONCLÚIDÍ, STAIDREAMH AGUS TREOCHTAÍ, DUL CHUN CINN MAIDIR LE SPRIOCANNA DRAMHAÍOLA AN EU

Tugann an chuid seo den Tuarascáil Náisiúnta ar Dhramhaíl le haghaidh 2011 eolas ar phríomhchonclúidí, príomhstaidreamh agus príomhthreochtaí sa tuarascáil, chomh maith le heolas ar dhul chun cinn na hÉireann i mbaint amach spriocanna an EU maidir le bailiú dramhaíola, aisghabháil agus atreorú.

1.1 Príomhchonclúidí

- Tá laghdú 17% tar éis teacht ar mhéid na dramhaíola bardasaí soladaí in Éirinn ón mbuaic in 2007, cé go bhfuil moill ag teacht ar ráta an laghdaithe. Tá an chuma air gur chuir laghdú ar chaitheamh pearsanta i rith na tréimhse seo, rud a bhaineann leis an gcúlú eacnamaíoch, agus a thionchar ar chruthú dramhaíl tí, gur chuir sé leis an laghdú agus gur tharla sé seo in ainneoin méadú ar an daonra.
- Tá méadú leanúnach bliantúil ag teacht ar chéatadán na dramhaíola bardasaí tí a aisghabháiltear, agus is ionann an ráta athchúrsála dramhaíola bardasaí anois agus gnáthrata 27 tír an EU (40%).
- Tá táirgeadh méadaithe dramhaíola indóite ó dhramhaíl bhardasach le haghaidh úsáid mar bhreosla ag cur le rátaí aisghabhála méadaithe, ar aon dul le tabhairt isteach an chéad loisceora bhardasaigh dramhaíola ar mhaith le bonneagar na tíre ag deireadh 2011. Tá méaduithe ar an tobhach líonta talún in 2011 agus 2012 ag cabhrú chomh maith le dramhaíl a atreorú ó dhiúscairt go roghanna aisghabhála.
- Déantar an chuid is mó dramhaíola bardasaí a onnmhairiú le haghaidh athghabháil. Is é an phríomhdhramhaíl bhardasach a onnmhairítear le haghaidh aisghabháil ná páipéar agus cairtchlár, gloine agus miotail, rudaí a bhfuil bonneagar teoranta aisghabhála ar fáil lena n-aghaidh sa Stát seo faoi láthair. Is é an phríomhdhramhaíl bhardasach a aisghabháiltear sa Stát ná dramhaíl orgánach agus adhmaid, ach táthar ag súil leis go dtiocfaidh méadú ar úsáid na dramhaíola bardasaí iarmharaí/iarmharaí cóireáilte mar bhreosla sna blianta amach romhainn.
- Tá laghdú leanúnach ag teacht ar líon na n-ionad líonta talún a ghlacann le dramhaíl bhardasach le haghaidh diúscairt, ar aon dul le laghdú ar an toilleadh ceadúnaithe líonta talún atá fágtha. Mar thoradh ar dháileadh agus dúnadh na n-ionad líonta talún, tá méid mór dramhaíola á bhogadh idir réigiúin.
- Amach ó na spriocanna faoin Treoir um Fheithiclí Deireadh Saoil, tá Poblacht na hÉireann ag comhlíonadh a hoibleagáidí san EU faoi láthair ar fud réimse leathan reachtaíochta ar dhramhaíl (pacáistiú, dramhthrealamh leictreach agus leictreonach, cadhnraí). Tá spriocanna áirithe amach anseo i mbaol go fóill (feithiclí deireadh saoil, cadhnraí, dramhaíl bhardasach in-bhithmhillte ó ionaid líonta talún).

- Ní féidir le hÉirinn brath ar chúlú eacnamaíoch chun méid na dramhaíola bardasaí soladaí a laghdú. I gcás na sprice le haghaidh atreorú dramhaíola bardasaí in-bhithmhillte ó ionaid líonta talún, chuir an laghdú le baint amach sprioc 2010 in Éirinn, ach má mhéadaíonn cruthú na dramhaíola in éineacht le fás eacnamaíoch, beidh spriocanna amach anseo i mbaoil. Beidh iarrachtaí ar dhramhaíl a chosc, atreorú i dtreo na haisghabhála, forbairt an bhonneagair riachtanaigh tacaíochta agus forfheidhmiú rialacháin dramhaíl bhia 2009 agus 2013, beidh siad ríthábhachtach chun spriocanna amach anseo a bhaint amach.
- Tá an earnáil phríobháideach chun tosaigh i margadh bailiúcháin na dramhaíola bardasaí, cé go bhfuil Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Comhairle Contae Phort Láirge agus Comhairle Cathrach Chill Chainnigh ag gabháil do bhailiú dramhaíola go fóill.
- Tá údaráis áitiúla páirteach i soláthar agus oibriú bonneagar riachtanach poiblí aisghabhála dramhaíola amhail concláistí cathartha agus bainc 'fág anseo', áiteanna ar bailíodh 16% den dramhaíl tí bhainistithe in 2011, rud a leagann béim ar thábhacht an bhonneagair seo agus an gá atá le tacú leis. Agus an earnáil phríobháideach chun tosaigh sa mhargadh bailithe dramhaíola, d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag na húdaráis áitiúla infheistíocht i mbonneagar bailithe dramhaíola a mhaoiniú amach anseo.
- Is easnamh leanúnach sonraí sa Stát seo é an easpa clár náisiúnta áiseanna údaraithe dramhaíola agus a dtoilleadh cóireála. Cé go bhfuil clár náisiúnta sonraí ann le haghaidh gníomhaíochtaí ceadúnaithe den EPA agus le haghaidh ceadanna bailithe dramhaíola, tá eolas bearnach ann ar cheadanna áiseanna dramhaíola agus ar shuíomhanna Teastas Cláraithe. Tá oibleagáid dhlíthiúil faoin Rialachán Straidreamh Dramhaíola sonraí a sholáthar go débhlantúil ar líon agus toilleadh na n-oibríochtaí aisghabhála agus loiscithe dramhaíola sa Stát, mar sin is gá na sonraí seo a bhailiú.
- Tá laghdú 83% tar éis teacht ar thonnáiste na dramhaíola foirgníochta agus scartála a bhailítear ó bhí buaic 17.8 Mt i gceist in 2007. Is léiriú é seo ar éifeacht mhór an choir chun donais eacnamaíoch ar an earnáil foirgníochta agus scartála.
- Bhí an méid foriomlán dramhaíola guaisí a bainistíodh in 2011 mórán mar an gcéanna leis an méid a bainistíodh in 2010. Déantar beagnach leath den dramhaíl ghuaiseach a onnmhairiú le haghaidh cóireáil (47%), agus déantar 22% de a chóireáil san áit a gcruthaítear í (áiseanna ceadúnaithe IPPC), agus cuirtear 31% de chuig áiseanna cóireála le haghaidh dramhaíl ghuaiseach tráchtála sa Stát seo.
- Ní féidir an iomarca béime a leagan ar an tábhacht atá le sonraí tráthúla cruinne dramhaíola a fháil ó pháirtithe leasmhara ar mhaithe le hoibleagáidí tuairiscithe náisiúnta agus EU a chomhlíonadh. Tá oibleagáidí dlíthiúla ann maidir le taifeadadh agus le tuairisciú a dhéanamh ar bhainistiú dramhaíola, rud a fhágann go gcaithfidh an lucht leasmhara ar fad féachaint chuige go soláthraítear dóthain acmhainní maidir le bainistiú agus le tuairisciú sonraí.

1.2 Príomhstaidreamh agus príomhthreochtaí

Sruth dramhaíola	Príomhstaidreamh agus príomhthreochtaí i gcomparáid le 2010
Dramhaíl Bhardasach	Meastar gur cruthaíodh 2,823,242 tonna dramhaíola bardasaí in 2011, rud a chiallaíonn go bhfuil an laghdú ón mbuaic in 2007 ag leanúint ar aghaidh.
	Tháinig méadú 5% ar ráta aisghabhála dramhaíola bardasaí na hÉireann, rud a chruthaigh ráta aisghabhála foriomlán 47%.
	Is ionann ráta athchúrsála dramhaíola bardasaí na hÉireann (gan aisghabháil fuinnimh san áireamh) agus 40%, ráta atá mar an gcéanna le 27 tír an EU.
	Déantar an chuid is mó páipéir agus cairtchláir, gloine agus miotal ó fhoinsí bardasacha a onnmhairiú le haghaidh aisghabháil thar lear, ós rud é go bhfuil bonneagar teoranta aisghabhála sa Stát seo.
	Déantar an chuid is mó dramhaíola bardasaí orgánaí (bia agus dramhaíl ghlas) agus dramhaíl adhmaid a aisghabháil sa Stát (déantar múirín nó breosla di).
	Tháinig laghdú 1% ar thonnáiste na dramhaíola tí a bainistíodh go 1,406,576 t, i gcomparáid le 2010.
	Tháinig méadú ar chomhréir na dramhaíola bainistithe tí a aisghabháladh ó 42% in 2010 go 47% in 2011. Tháinig laghdú 11% ar chomhréir na dramhaíola bainistithe tí a cuireadh in ionaid líonta talún go 750,066 t.
Dramhaíl Tí	Níor bhain 30% measta d'áiteanna cónaithe a bhí á n-úsáid leas as, nó níor tairgeadh seirbhís bhailiúcháin cholbha an chosáin dóibh (ó 2% go 63% ar fud cheantair na n-údarás áitiúil), cé go n-adhmaítear gur maith an seans gur rómheas é seo, toisc eolas neamhiomlán ar chleachtais bhainistíochta dramhaíola in árasáin agus tithe, amhail roinnt gabhdán.
	Bhailigh lucht na hearnála príobháidí 78% de dhramhaíl tí cholbha an chosáin (suas ó 65% in 2010), rud a léiríonn go bhfuil cuid mhaith údarás áitiúil tar éis éirí as margadh bailiúcháin na dramhaíola tí.
	Thuairiscigh trí oibreoir earnála príobháidí is nócha agus trí údarás áitiúla dhéag gur bhailigh siad dramhaíl tí ag colbha an chosáin in 2011. Tá idir 2 agus 14 bhailitheoir ag obair i ngach aon limistéar feidhmiúil údaráis áitiúil, agus meán 8 n-oibreoir sa mhargadh i ngach aon cheantar feidhmiúil, cé nach bhfuil scaipeadh geografach na seirbhíse a sholáthraítear ar eolas.
	Bhí 61% measta de theaghlach a bhí ag úsáid sheirbhís bhailiúcháin cholbha an chosáin ag úsáid 2 ghabhdán (gnáthdramhaíl agus dramhaíl thirim mheasctha in-athchúrsáilte) in 2011, agus bhí 37% acu ag úsáid 3 ghabhdán (gnáthdramhaíl agus dramhaíl thirim mheasctha in-athchúrsáilte agus dramhaíl orgánach) (méadú ar 34% in 2010). Bhí ceathrú gabhdán le haghaidh bailiú deighilte gloine in 18 de 34 ceantar feidhmiúil údaráis áitiúil á thairiscint ag oibreoirí áirithe (bailíodh 4,367 t).
	Tháinig méadú 21% ar bhailiú dramhaíl orgánach tí cholbha an chosáin (i seirbhís 3 ghabhdán) ó 63,837 t in 2010 go 77,494 t in 2011.
	Ní raibh oibreoirí cead bailithe dramhaíola ar bith ag lucht tí i dtrí cinn de na ceithre cheantar feidhmiúil údaráis áitiúil is tríocha (Cathair Chorcaí, Liatroim agus Dún na nGall) a bhí ag tairiscint seirbhís bhailiúcháin dramhaíola orgánaí ag colbha an chosáin (cé gur feabhsú é seo, ós rud é nach raibh an tseirbhís seo i sé cheantar in 2010).

Dramhaíl Tráchtála	Tháinig laghdú 2% ar mhéid na dramhaíola tráchtála a bainistíodh i gcomparáid le 2010.
	Tháinig méadú ar aisghabháil dramhaíl tráchtála ó 45% in 2010 go 49% in 2011.
	Ba é an méid dramhaíl tráchtála a cuireadh in ionaid líonta talún ná 568,770 t, agus ba laghdú 10% é seo i gcomparáid le 2010.
Dramhaíl Bhardasach In-bhithmhíllte	Ba é an méid dramhaíola bardasaí inbhith-mhíllte a cuireadh in ionaid líonta talún ná 771,551 t, agus ba laghdú 10% é seo i gcomparáid le 2010. Seo 161,551 t de bhreis ar dhara sprioc Threoir an EU ar Líonadh Talún (dlite in Iúil 2013). Tugann na réamhshonraí ó 2012 le fios go mbainfidh Éire sprioc 2013 amach, ach go bhfuil sprioc 2016 i mbaol go fóill, agus gur mó an baol seo má thagann méadú ar dhramhaíl bhardasach mar gheall ar théarnamh eacnamaíoch.
	Tá tonnáiste mór de dhramhaíl orgánach bhainistithe tí agus tráchtála ar fáil nach mbailítear go speisialta le haghaidh cóireáil (meastar gurb ionann seo agus 62% den dramhaíl orgánach tí agus 75% den dramhaíl orgánach tráchtála).
	Beidh cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú Rialacháin Dramhaíl Bhia 2009 agus 2013, rudaí a leagann oibleagáidí ar bhailitheoirí dramhaíola seirbhís bhailiúcháin dramhaíl bhia a sholáthar agus oibleagáidí ar an earnáil tráchtála agus lucht tí dramhaíl bhia a dheighilt agus í a chur ar fáil le haghaidh bailiú ar leith, beidh siad ríthábhachtach le cinntiú go mbainfidh Éire amach spriocanna na Treorach um Líonadh Talún sna blianta atá romhainn.
Pacáistiú Dramhaíola	Sháraigh Éire sprioc aisghabhála pacáistithe 60% an EU in 2011, nuair a tuairiscíodh ráta aisghabhála 79% le haghaidh 2011.
Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach	Bailíodh iomlán 41,092 t dramhthrealaimh leictirigh agus leictreonaigh (WEEE) le haghaidh aisghabháil (laghdú ar 45,012 t in 2010) in 2011.
	B'ionann an WEEE tí a bailíodh agus 7.6 kg in aghaidh an duine, méid a sháraíonn sprioc 4 kg an EU in aghaidh an duine.
	Baineadh amach na rátaí aisghabhála le haghaidh na gcatagóirí uile WEEE.
Feithiclí Deireadh Saoil	Níl ag éirí le hÉirinn spriocanna na Treorach um fheithiclí deireadh saoil a chomhlíonadh, rud atá i bhfeidhm ó Eanáir 2006. Tugann réamhshonraí le haghaidh 2011 le fios gur baineadh amach ráta athúsáide/aisghabhála 79% agus ráta athúsáide/athchúrsála 77%, nuair a bhí spriocanna 85% agus 80% faoi seach i gceist.
Boinn Dramhaíola	Bainistíodh iomlán 19,092 t boinn dramhaíola in 2011. Onnmhairíodh 54% díobh seo le haghaidh cóireáil. Rinneadh sliseanna de 41% den tonnáiste a cóireáladh sa Stát.
Cadhnraí Dramhaíola	Sháraigh Éire sprioc bhailithe cadhnraí in-iompartha na Treorach Cadhnraí in 2011 nuair a bailíodh 29% de na cadhnraí in-iompartha i gcoibhneas leis an tonnáiste atá ar an margadh (sprioc 25% a bhí i gceist). Tá an baol ann, áfach, nach mbainfidh amach sprioc bhailiúcháin 2016, is é sin, 45%.

Dramhaíl Tógála agus Scartála	Tá laghdú 83% tar éis teacht ar an méid dramhaíl foirgníochta agus scartála a bailíodh ó bhí buaic 17.8 Mt in 2007. Is léiriú é seo ar éifeacht mhór an choir chun donais eacnamaíoch ar an earnáil foirgníochta agus scartála.
	Bhí laghdú 3% ar an méid tuairiscithe dramhaíl foirgníochta agus scartála a bhí bainistithe ag áiseanna aisghabhála agus diúscartha (2.5 Mt), i gcomparáid le sonraí 2010.
	Mhéadaigh méid na hithreach truaillithe a onnmhairíodh le haghaidh cóireáil ó 2,590 t in 2010 go 10,203 t in 2011, cé go bhfuil an tonnáiste foriomlán a bainistíodh laghdaithe go mór i gcomparáid le sonraí roimh 2009, cás ar dóchúil go léiríonn sé easpa talamh forbartha agus tionscadail athfhorbartha ó thosaigh an cúlú eacnamaíocha.
Dramhaíl Ghuaiseach	Tháinig dramhaíl ghuaiseach a bhí i gceist in 2011 go príomha ó na tionscadail chógaisíochta agus cheimiceacha.
	Tá an méid foriomlán dramhaíola guaisí a bainistíodh in 2011 mórán mar an gcéanna leis an méid a bainistíodh in 2010. As an iomlán a bainistíodh, déantar 22% de a chóireáil ar shuíomh an tionscail, cuirtear 31% de chuig áis dramhaíl ghuaiseach tráchtála le haghaidh cóireáil, agus déantar 47% de a onnmhairiú le haghaidh cóireáil.
	Bhí laghdú 12% ar mhéid na dramhaíola guaisí a cóireáladh ar an suíomh ag áiseanna comhtháite Rialaithe Truaillithe agus Coiscthe atá ceadúnaithe ag an EPA, i gcomparáid le sonraí 2010; táthar ag súil leis go bhfuil sé seo i gceist mar gheall ar tháirgeadh laghdaithe ag na háiseanna atá i gceist.
	Bhí méadú 6% i gceist ar mhéid na dramhaíola guaisí a ndéantar cóireáil uirthi ag áiseanna cóireála dramhaíl ghuaiseach tráchtála atá ceadúnaithe ag an EPA, i gcomparáid le sonraí 2010, rud is féidir a lua go príomha le méadú ar chóireáil olaí agus tuaslagóirí atá mar dhramhaíl.
	Bhí méadú 4% ar mhéid na dramhaíola guaisí a onnmhairíodh le haghaidh cóireáil in 2011 i gcomparáid le 2010, cás a bhí ann go príomha mar gheall ar mhéaduithe ar thonnáiste na dtuaslagóirí, cóireáil theirmeach, fuíll dócháin agus WEEE a onnmhairíodh.
Bonneagar Dramhaíola Bardasaí	Ghlac aon ionad líonta talún is fiche le dramhaíl bhardasach le bheith diúscartha in 2011.
	Ag deireadh 2011, b'ionann an toilleadh líonta talún náisiúnta ceadúnaithe a bhí fágtha le haghaidh dramhaíl bhardasach agus tuairim is 14.5 Mt (thart ar 11 bhliain dá n-ionchas saoil fágtha). Mar thoradh ar dháileadh agus dúnadh na n-ionad líonta talún, tá méid mór dramhaíola á bhogadh idir réigiúin.
	Thuairiscigh na húdaráis áitiúla 113 suíomh conláiste chathartha agus 1,891 banc 'fág anseo' a bheith á n-oibriú in 2011, i gcomparáid le 107 agus 1,922 faoi seach in 2010.
	B'ionann an dramhaíl tí a tugadh chuig suíomhanna 'fág anseo' agus suíomhanna conláiste chathartha agus 16% den dramhaíl bhainistithe tí, rud a leagann béim ar an tábhacht atá leis an mbonneagar seo agus an gá atá le tacú leis.
	Cuireadh tús le hoibriú an chéad loisceora bhardasaigh dramhaíola in Éirinn i nDeireadh Fómhair 2011.
	Tháinig méadú 42% ar mhéid na dramhaíola neamhghuaisí a úsáideadh mar bhreosla in 2011, i gcomparáid le 2010.
	Tháinig méadú 68% ar thonnáiste an bhreosla a bhaintear de dhramhaíl (RDF) a úsáidtear mar bhreosla in áitheanna stroighne agus loisceoirí in Éirinn agus thar lear in 2011 i gcomparáid le 2010, rud a chuir le rátaí méadaithe aisghabhála bardasaí.

1.3 Dul chun cinn i mbaint amach spriocanna athchúrsála, aisghabhála agus atreoraithe an EU

Tá dul chun cinn i dtreo spriocanna athchúrsála, aisghabhála agus atreoraithe an EU mar thoradh ar straitéisí dramhaíola Threoracha an EU, tá sé ar taispeánt i dTábla 1. Is ionann na spriocanna seo chomh maith agus na táscairí feidhmíochta lena ndéanfar feidhmíocht bhainistíochta dramhaíola na hÉireann a thomhas faoin bpolasaí is déanaí atá ag an DECLG ar bhainistíocht dramhaíola, '*A Resource Opportunity*', rud a foilsíodh 2012.

Amach ó spriocanna um fheithiclí deireadh saoil, tá dul chun cinn mór déanta ag Éirinn chun a hoibleagáidí go léir san EU a chomhlíonadh ar fud réimse leathan reachtaíochta ar dhramhaíl. Tá spriocanna na Treorach um Fheithiclí Deireadh Saoil (ELV) i bhfeidhm ó Eanáir 2006, agus beidh spriocanna níos airde ag teacht i bhfeidhm in Eanáir 2015. Tá gá le gníomh práinneach chun athúsáid/aisghabháil/athchúrsáil ábhair ELV a mhéadú, agus beidh an DECLG i dteagmháil le táirgeoirí agus páirtithe leasmhara eile ina leith seo. Is dóchúil go spreagfaidh na méaduithe ar an tobhach líonta talún, agus baint na díolúine ón tobhach líonta talún ar fhuíoll stialltóirí, is dóchúil go spreagfaidh siad sin aisghabháil fuíoll stialltóirí agus go méadóidh siad rátaí aisghabhála ELV de réir a chéile dá bharr.

Thaifead Éire laghdú ar dhramhaíl bhardasach inbhith-mhillte (BMW) a cuireadh chuig ionaid líonta talún in 2011 (mar chomhréir de thonnáiste laghdaithe na dramhaíola bardasaí a cuireadh in ionaid líonta talún), agus bhain sí amach sprioc na chéad chéime le haghaidh atreorú BMW ó ionaid líonta talún arís. Tá spriocanna atreoraithe BMW níos déine i bhfeidhm le haghaidh 2013 agus 2016.

Tugann na réamhshonraí ó 2012 le fios go mbainfidh Éire sprioc 2013 amach, ach go bhfuil sprioc 2016 i mbaol go fóill, agus gur mó an baol seo má thagann méadú ar dhramhaíl bhardasach mar gheall ar théarnamh eacnamaíoch. Is maith an rud é foilsiú Rialacháin an EU (Dramhaíl Bhia Tí agus Bithdhramhaíl) 2013 (I.R. Uimh. 71 de 2013) le déanaí, ós rud é gur chóir go gcuirfeadh na hoibleagáidí atá leagtha ar bhailitheoirí dramhaíola soláthar nó socrú a dhéanamh le haghaidh bailiú dramhaíl bhia tí ar leithligh, gur chóir dóibh cur le hatreorú méadaithe dramhaíl bhia tí ón ngabhdán fuíll ó dhiúscairt go hathchúrsáil (m.sh. múiríníú) nó aisghabháil fuinnimh (m.sh. díleá anaeróbach). Tá ríthábhacht chomh maith le forfheidhmiú na Rialachán ar Bhainistíocht Dramhaíola (Dramhaíl Bhia), 2009, rudaí a leagann oibleagáidí ar tháirgeoirí dramhaíl bhia san earnáil tráchtála.

¹ Páipéar agus cairtchlár, dramhaíl bhia, olaí agus saill inite, dramhaíl ghlas.

Tábla 1: Dul chun cinn i dtreo spriocanna athchúrsála, aisghabhála agus atreo AE a bhaint amach

Treoir	Teideal	Alt	Spriocanna		Dul chun cinn reatha go sprioc in Éirinn (2011)	Táscaire			
			Spriocdháta	Sonraí sainiúla					
94/62/EC arna leasú	Treoir um Pacáistiú	6(1)	31-12-2011	Déanfar 60% ar a laghad de réir meáchain na dramhaíola pacáistíochta a aisghabháil nó a dhó in ionaid loiscthe agus fuinneamh a aisghabháil aisti.	79%	Bainte Amach			
				Déanfar 55% ar a laghad de réir meáchain na dramhaíola pacáistíochta a athchúrsáil.	71%	Bainte Amach			
				Faoi dháta nach déanaí ná 31 Nollaig 2011, bainfear amach na spriocanna íosta athchúrsála seo a leanas le haghaidh ábhair dramhaíl phacáistithe:					
				(i) 60% de réir meáchain maidir le gloine;	81%	Bainte Amach			
				(ii) 60% de réir meáchain maidir le páipéar agus clár;	92%	Bainte Amach			
				(iii) 50% de réir meáchain maidir le miotail;	67%	Bainte Amach			
				(iv) 22.5% de réir meáchain maidir le plaistigh, gan ach ábhar a ndéantar é a athchúrsáil ar ais i bplaistigh a áireamh;	48%	Bainte Amach			
				(v) 15% de réir meáchain maidir le hadhmad.	93%	Bainte Amach			
2002/96/EC ²	Treoir WEEE	5(5)	(31-12-2006) 31-12-2008 ³	Bailiú scagtha > 4kg de WEEE ó theaghlaigh phríobháideacha per duine per bliain.	7.6 kg	Bainte Amach			
		7(2)		Maidir le gléasanna mhóra tí agus dáileoirí uathoibríochas:- – ardófar an ráta aisghabhála go dtí 80% ar a laghad de réir meánmheáchain per gléas; agus – ardófar an ráta athúsáidte agus athchúrsála maidir le comhpháirt, le hábhar agus le substaint go dtí 75% ar a laghad de réir meán-mheáchain per gléas.	83% 82%	Bainte Amach			
				Maidir le trealamh TF, cumarsáide agus tomhaltóra:- – ardófar an ráta aisghabhála go dtí 75% ar a laghad de réir meán-mheáchain per gléas; agus – ardófar an ráta athúsáidte agus athchúrsála maidir le comhpháirt, le hábhar agus le substaint go dtí íosmhéid 65% de réir meán-mheáchain per gléas.	88% 87%	Bainte Amach			
				Maidir le gléasanna beaga tí, trealamh soilsithe, uirlisí leictreacha & leictreonacha, bréagáin, uirlisí monatóireachta agus rialaithe:- – ardófar an ráta aisghabhála go dtí íosmhéid 70% de réir meán-mheáchain per gléas; agus – ardófar an ráta athúsáidte agus athchúrsála maidir le comhpháirt, le hábhar agus le substaint go dtí íosmhéid 50% de réir meán-mheáchain per gléas.	87% 87%	Bainte Amach			
				Maidir le lampaí sceite gáis, sroichfidh ráta athúsáide comhpháirteanna agus substaintí íosmhéid 80% de réir mheáchan na lampaí.	88%	Bainte Amach			
				2000/53/EC	Treoir um Fheithiclí ag Deireadh a Saoil	7(2)(a)	1-1-2006	Athúsáid agus aisghabháil go dtí íosmhéid 85% de réir mheán-mheáchan feithicle agus bliana.	79% ⁴
		Athúsáid agus aisghabháil go dtí íosmhéid 80% de réir mheán-mheáchan feithicle agus bliana.						77% ⁴	Níor Baineadh Amach
7(2)(b)	1-1-2015	Athúsáid agus aisghabháil go dtí íosmhéid 95% de réir mheán-mheáchan feithicle agus bliana.	(79%) ⁴			Riosca Dlite Eanáir 2015			

² Tá spriocanna leasaithe le haghaidh athúsáid, aisghabháil agus athchúrsáil WEEE leagtha síos in athmhúnú na Treorach WEEE (Treoir 2012/19/EU de 4 Iúil 2012), rud a thiocfaidh i bhfeidhm in Éirinn ar 14 Feabhra 2014.

³ Bhain Éire maolú dhá bhliain amach.

⁴ Bunaithe ar réamh-anailís sonraí 2011. Ní raibh eolas athchúrsála agus aisghabhála cothrom le dáta ar fhuíoll stialtóirí ó scealla díthruaillithe ELV a onnmhairíodh in 2011, ní raibh sé ar fáil ag am an fhoilsithe.

Treoir	Teideal	Alt	Spriocanna		Dul chun cinn reatha go sprioc in Éirinn (2011)	Táscaire
			Spriocdháta	Sonraí sainiúla		
				Athúsáid agus aisghabháil go dtí íosmhéid 85% de réir mheán-mheáchan feithicle agus bliana.	(77%) ⁴	Riosca Dlite Eanáir 2015
2006/66/EC	Treoir um Chadhnraí	10(2)	31-12-11	Íosmhéid 25% mar ráta bailithe maidir le cadhnraí & taisc-cheallraí.	29% ⁵	Bainte Amach
			26-9-2016	Íosmhéid 45% mar ráta bailithe maidir le cadhnraí & taisc-cheallraí.	(29%)	Riosca Dlite i Meán Fómhair 2016
		12(4)	26-9-2011	Bainfidh na próisis athchúrsála na coigiltí seo a leanas amach, ar a laghad:	Sonraí iomlána dlite in NWR 2012	Le bheith tuairiscithe don Choimisiún i Meitheamh 2013
				(a) athchúrsáil 65 % de réir meán-mheáchain maidir le cadhnraí & taisc-cheallraí aigéid luaidhe, rud a chuimsíonn athchúrsáil den ábhar luaidhe go dtí an caighdeán is airde is féidir gan iomarca costais;		
				(b) athchúrsáil 75 % de réir meán-mheáchain maidir le cadhnraí agus le taisc-cheallraí nicil-caidmiam, rud a chuimsíonn athchúrsáil ar an ábhar caidmiam go dtí an caighdeán is airde is féidir gan iomarca costais; agus		
				(c) athchúrsáil 50 % de réir meán-mheáchain maidir le dramhaíl eile cadhnraí & taisc-cheallraí.		
1999/31/EC	Treoir um Líonadh Talún	5(2)	(16-7-2006) 16-7-2010 ⁶	Caithfear méid na dramhaíola cathrach in-bhithmhille ag dul go líonadh talún a laghdú go 75% den chainníocht iomlán (de réir meáchain) den dramhaíl chathrach in-bhithmhille a táirgeadh i 1995 (< 916,000 t)	771,551 t	Bainte Amach
			(16-7-2009) 16-7-2013	Caithfear méid na dramhaíola cathrach in-bhithmhille ag dul go líonadh talún a laghdú go 50% den chainníocht iomlán (de réir meáchain) den dramhaíl chathrach in-bhithmhille a táirgeadh i 1995 (< 610,000 t)	+ 161,551 t (meastachán) ⁷	Riosca Dlite Iúil 2013
			16-7-2016	Caithfear méid na dramhaíola cathrach in-bhithmhille ag dul go líonadh talún a laghdú go 35% den chainníocht iomlán (de réir meáchain) den dramhaíl chathrach in-bhithmhille a táirgeadh i 1995 (427,000 t)	+ 344,551 t (meastachán) ⁷	- Riosca - Dlite Iúil 2016
2008/98/EC	An Creat-Treoir Dramhaíola	11(2)(a)	12-12-2020	Ullmhú d'athúsáid agus d'athchúrsáil 50% de pháipéar, de mhíotail, de phlaisteach & de ghloine díortha as dramhaíl tí (meastachán maidir le míotail agus le plaisteach as WEEE tí san áireamh).	45% ⁸	De réir sceidil Dlite i Nollaig 2020
		11(2)(b)	12-12-2020	Ullmhú d'athúsáid, d'athchúrsáil agus d'aisghabháil eile (a chuimsíonn oibríochtaí aislíonta a úsáideann dramhaíl mar mhalairt ábhair) de 70% de réir meáchain de dhramhaíl T&S (seachas ithreacha aiceanta & clocha)	97% ⁹	Bainte Amach
		29	12-12-2013	Clár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola a bhunú (NWPP)	NWPP a bhunú in 2004	Bainte Amach

⁵ Bunaithe ar eolas a bhí curtha ar fáil ag na scéimeanna comhlíonta cadhnraí (WEEE Éireann agus ERP Éireann) agus fíoraithe ag an DECLG.

⁶ Fuair Éire maolú cheithre bliana maidir leis an gcéad dá sprioc.

⁷ Bunaithe ar DCI go líonadh talún i 2008, ag glacadh leis nach dtiocfaidh méadú ar an DCI go líonadh talún (gan athrú).

⁸ Tá an modh ríofa athraithe ó 2010 le bheith bunaithe ar dhramhaíl teaghlaigh a cruthaíodh, seachas ar dhramhaíl tí a bainistíodh.

⁹ Bunaithe ar shonraí bainistithe foirgníochta agus scartála in 2011.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Is í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) comhlachta reachtúil a chosnaíonn an comhshaol do mhuintir na tíre go léir. Rialaímid agus déanaimid maoirsiú ar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh truailliú a chruthú murach sin. Cinntímid go bhfuil eolas cruinn ann ar threochtaí comhshaoil ionas go nglactar aon chéim is gá. Is iad na príomhnithe a bhfuilimid gníomhach leo ná comhshaol na hÉireann a chosaint agus cinntiú go bhfuil forbairt inbhuanaithe.

Is comhlacht poiblí neamhspleách í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) a bunaíodh i mí Iúil 1993 faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992. Ó thaobh an Rialtais, is í an Roinn Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil.

ÁR bhFREAGRACHTAÍ

CEADÚNÚ

Bíonn ceadúnais á n-eisiúint againn i gcomhair na nithe seo a leanas chun a chinntiú nach mbíonn astuithe uathu ag cur sláinte an phobail ná an comhshaol i mbaol:

- áiseanna dramhaíola (m.sh., líonadh talún, loisceoirí, stáisiúin aistrithe dramhaíola);
- gníomhaíochtaí tionsclaíocha ar scála mór (m.sh., déantúsaíocht cógaisíochta, déantúsaíocht stroighne, stáisiúin chumhachta);
- diantalmhaíocht;
- úsáid faoi shrian agus scaoileadh smachtaithe Orgánach Géinathraithe (GMO);
- mór-áiseanna stórais peitreal;
- scardadh dramhuisce;
- dumpáil mara.

FEIDHMIÚ COMHSHAOIL NÁISIÚNTA

- Stiúradh os cionn 2,000 iniúchadh agus cigireacht de áiseanna a fuair ceadúnas ón nGníomhaireacht gach bliain
- Maoirsiú freagrachtaí cosanta comhshaoil údarás áitiúla thar sé earnáil - aer, fuaim, dramhaíl, dramhuisce agus caighdeán uisce
- Obair le húdaráis áitiúla agus leis na Gardaí chun stop a chur le gníomhaíocht mhídhleathach dramhaíola trí chomhordú a dhéanamh ar líonra forfheidhmithe náisiúnta, díriú isteach ar chiontóirí, stiúradh fiosrúcháin agus maoirsiú leigheas na bhfadhbanna.
- An dlí a chur orthu siúd a bhriseann dlí comhshaoil agus a dhéanann dochar don chomhshaol mar thoradh ar a ngníomhaíochtaí.

MONATÓIREACHT, ANAILÍS AGUS TUAIRISCIÚ AR AN GCOMHSHAOIL

- Monatóireacht ar chaighdeán aer agus caighdeáin aibhneacha, locha, uiscí taoide agus uiscí talaimh; leibhéil agus sruth aibhneacha a thomhas.
- Tuairisciú neamhspleách chun cabhrú le rialtais náisiúnta agus áitiúla cinntí a dhéanamh.

RIALÚ ASTUITHE GÁIS CEAPTHA TEASA NA HÉIREANN

- Caimníochtú astuithe gáis ceaptha teasa na hÉireann i gcomhthéacs ár dtiomantas Kyoto.
- Cur i bhfeidhm na Treorach um Thrádáil Astuithe, a bhfuil baint aige le hos cionn 100 cuideachta atá ina mór-ghineadóirí dé-ocsaíd charbóin in Éirinn.

TAIGHDE AGUS FORBAIRT COMHSHAOIL

- Taighde ar shaincheisteanna comhshaoil a chomhordú (cosúil le caighdeán aer agus uisce, athrú aeráide, bithéagsúlacht, teicneolaíochtaí comhshaoil).

MEASÚNÚ STRAITÉISEACH COMHSHAOIL

- Ag déanamh measúnú ar thionchar phleananna agus chláracha ar chomhshaol na hÉireann (cosúil le pleananna bainistíochta dramhaíola agus forbartha).

PLEANÁIL, OIDEACHAS AGUS TREOIR CHOMHSHAOIL

- Treoir a thabhairt don phobal agus do thionscal ar cheisteanna comhshaoil éagsúla (m.sh., iarratais ar cheadúnais, seachaint dramhaíola agus rialacháin chomhshaoil).
- Eolas níos fearr ar an gcomhshaol a scaipeadh (trí cláracha teilifíse comhshaoil agus pacáistí acmhainne do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna).

BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA FHORGHNÍOMHACH

- Cur chun cinn seachaint agus laghdú dramhaíola trí chomhordú An Chláir Náisiúnta um Chosc Dramhaíola, lena n-áirítear cur i bhfeidhm na dTionscnamh Freagrachta Táirgeoirí.
- Cur i bhfeidhm Rialachán ar nós na treoracha maidir le Trealamh Leictreach agus Leictreonach Caite agus le Srianadh Substaintí Guaiseacha agus substaintí a dhéanann ídiú ar an gcrios ózóin.
- Plean Náisiúnta Bainistíochta um Dramhaíl Ghuaiseach a fhorbairt chun dramhaíl ghuaiseach a sheachaint agus a bhainistiú.

STRUCHTÚR NA GNÍOMHAIREACHTA

Bunaíodh an Ghníomhaireacht i 1993 chun comhshaol na hÉireann a chosaint. Tá an eagraíocht á bhainistiú ag Bord lánaimseartha, ar a bhfuil Príomhstíúrthóir agus ceithre Stíúrthóir.

Tá obair na Ghníomhaireachta ar siúl trí ceithre Oifig:

- An Oifig Aeráide, Ceadúnaithe agus Úsáide Acmhainní
- An Oifig um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil
- An Oifig um Measúnacht Comhshaoil
- An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáide

Tá Coiste Comhairleach ag an nGníomhaireacht le cabhrú léi. Tá dáréag ball air agus tagann siad le chéile cúpla uair in aghaidh na bliana le plé a dhéanamh ar cheisteanna ar ábhar inní iad agus le comhairle a thabhairt don Bhord.

**Headquarters, PO Box 3000
Johnstown Castle Estate
County Wexford, Ireland**

Ceanncheathrú, Bosca Poist 3000
Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin
Contae Loch Garman, Éire

T:+353 53 916 0600
F:+353 53 916 0699

**Regional Inspectorate
McCumiskey House, Richview
Clonskeagh Road, Dublin 14, Ireland**

Cigireacht Réigiúnach, Teach Mhic Chumascaigh
Dea-Radharc, Bóthar Cluain Seach
Baile Átha Cliath 14, Éire

T:+353 1 268 0100
F:+353 1 268 0199

**Regional Inspectorate
Inniscarra, County Cork, Ireland**

Cigireacht Réigiúnach, Inis Cara
Contae Chorcaí, Éire

T:+353 21 487 5540
F:+353 21 487 5545

**Regional Inspectorate
John Moore Road, Castlebar
County Mayo, Ireland**

Cigireacht Réigiúnach, Bóthar Sheán de Mórdha
Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo, Éire

T:+353 94 904 8400
F:+353 94 902 1934

**Regional Inspectorate
Seville Lodge, Callan Road,
Kilkenny, Ireland**

Cigireacht Réigiúnach, Lóiste Sevilla,
Bóthar Challainn, Cill Chainnigh, Éire

T:+353 56 779 6700
F:+353 56 779 6798

**Regional Inspectorate
The Glen, Monaghan, Ireland**

Cigireacht Réigiúnach, An Gleann
Muineachán, Éire

T:+353 47 77600
F:+353 47 84987

E: info@epa.ie
W: www.epa.ie
Lo Call: 1890 33 55 99

